# ÁR NGEALLTANAS DUITSE

Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2022

# Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2022

Leagtar amach trí cheanglas tuairiscíochta bhainteacha do RTÉ san Acht Craolacháin 2009 (an tAcht)[1], agus is iad sin:

1. Ráiteas Seirbhíse Poiblí – Tar éis comhairliúchán poiblí a dhéanamh, tá ceangailte ar RTÉ Ráiteas Seirbhíse Poiblí a ullmhú ina leagtar amach na prionsabail a ndéanfaidh RTÉ dá réir agus na bearta a dhéanfaidh RTÉ chun cuspóirí seirbhíse poiblí na heagraíochta a thabhairt i gcrích.

2. Ráiteas Straitéise – Tá ceangailte ar RTÉ Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Leagtar amach sa ráiteas straitéise straitéis Bhord RTÉ chun a chuspóirí a bhaint amach faoin Acht, ag féachaint d’acmhainní atá ar fáil do RTÉ.

3. Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Feidhmíochta (gealltanais) – Tá ceangailte ar RTÉ, faoi dheireadh mhí Eanáir gach bliain, a chuid gealltanais a ullmhú. Ní mór do na gealltanais a bheith de réir chuspóirí RTÉ, de réir a Ráitis Straitéise agus a Ráitis Seirbhíse Poiblí. Cuimsíonn gealltanais RTÉ na gníomhaíochtaí a dtabharfaidh RTÉ fúthu sa bhliain atá i gceist chomh maith leis na táscairí feidhmíochta gaolmhara. Foilsíonn RTÉ ina Thuarascáil Bhliantúil gach bliain má chomhlíon nó nár chomhlíon sé a chuid gealltanas.

1 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/18/section/101/enacted/en/html#sec101

Reáchtáil RTÉ comhairliúchán poiblí cúig seachtaine i mí Feabhra agus i mí Márta 2021 d'fhonn eolas a dhéanamh do Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2022. Leagadh amach an comhairliúchán ar bhealach láidir agus ionchuimsitheach, agus ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Mheall sé nach mór 10,000 freagróir, agus b'ionann sin agus ceann de na leibhéil is mó rannpháirtíochta i ndáil le haon comhairliúchán meán cumarsáide nó poiblí ar tugadh faoi in Éirinn. Bhí an sampla freagróirí ilchineálach ina phróifíl dhéimeagrafach agus nósanna meán cumarsáide araon. Tá torthaí an chomhairliúcháin sin foilsithe ar RTÉ.ie[2] agus rinne siad eolas go díreach don Ráiteas Seirbhíse Poiblí seo ("ráiteas").

Beidh an ráiteas seo ina chomhthéacs do chéad straitéis eile RTÉ, ag dearbhú an athuair an gá atá ann leanúint ar aghaidh ag cur atá á dhéanamh againn inniu ar fáil, agus réimsí ina gcaithimid déanamh níos fearr a neartú ag an am céanna – é sin go léir laistigh d'earnáil meán cumarsáide agus teicneolaíochta a bhíonn ag síorathrú.

2 https://about.rte.ie/2021/07/08/the-public-has-its-say-about-rte/

## Réamhrá

Is é RTÉ eagraíocht meán seirbhíse poiblí (MSP) náisiúnta na hÉireann – an soláthraí is mó i ndáil le seirbhísí teilifíse, raidió, ar éileamh, soghluaiseachta agus idirlín a chur ar fáil do lucht féachana agus éisteachta in Éirinn. Is eagraíocht reachtúil neamhbhrabúis é RTÉ, a dhéanann réimse leathan de chláracha agus d'ábhar ábhartha ar ardchaighdeán a léiriú, a choimisiúnú agus a cheannach d'fhonn riachtanais lucht féachana éagsúla a shásamh. Cuireann RTÉ seirbhísí ilmheán saor go haer atá cuimsitheach agus costas-éifeachtach ar fáil do wphobal na hÉireann agus do lucht féachana agus éisteachta go hidirnáisiúnta.

Tá tacaíocht láidir tugtha ag an bpobal do na spriocanna MSP seo, a bhfuilimid meáite ar iad a chomhlíonadh, agus muid ag baint an lucht féachana agus éisteachta is leithne agus is féidir amach ag an am céanna. Le hé sin a dhéanamh ní mór dúinn leanúint den ábhar digiteach atá againn a neartú, go háirithe chun ceangal a dhéanamh le lucht féachana níos óige a bhfuil sé deacair luí isteach orthu, a bhfuil sé léirithe acu go gcreideann siad go láidir in RTÉ agus a léirigh go bhfuil ionchais an-ard acu i leith a MSP.  Tá sé déanta soiléir ag an bpobal go bhfuil RTÉ neamhspleách uathu a dhéanann éascaíocht ar shochaí fhorásach agus ionchuimsitheach, agus ní mór dúinn mar sin bogadh chun cinn agus é bheith mar aidhm againn a bheith inár gceannródaí i leith na hilchineálachta agus na hionchuimsitheachta.

# Ról RTÉ i saol na hÉireann

Cuirfidh RTÉ ábhar agus seirbhísí ar fáil do lucht féachana lena mbreathnú, le héisteacht leo, agus le léamh, chomh maith le ceol ceolfhoirneach le sult a bhaint as, ag freastal ar lucht féachana agus éisteachta ginearálta agus spéiseanna nideoige. Le linn thréimhse an ráitis seo áfach, ní mór dúinn an fhreagairt a thugaimid ar riachtanais lucht féachana a athrú, mar go bhfuil go leor díobh ag féachaint de réir a chéile ar mheáin chumarsáide ar líne. Tá an t-athrú seo bunriachtanach do RTÉ chun go mbeidh sé ábalta fanacht ina eagraíocht meán seirbhíse poiblí nua-aoiseach ábhartha agus fuinniúil sna blianta go léir amach romhainn. Tiocfaidh forbairt ar an ábhar a chuirimid ar fáil d'fhonn eispéireas an lucht féachana ar ardáin líneacha agus ar éileamh a fheabhsú, lena n-áirítear pearsanú níos mó lena chur ar do chumas teacht ar thuilleadh den ábhar is maith leat agus ar thuilleadh den ábhar a chuireann RTÉ ar fáil.

Bíonn RTÉ ag síorathrú, agus tá athrú mór tagtha ar an ábhar agus ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil ó foilsíodh an Ráiteas Seirbhíse Poiblí deiridh. Sna blianta sin, tá an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta athraithe ó RTÉ go dtí an Ceoláras Náisiúnta, táimid stoptha ag craoladh ar an ngréasán DAB, tá athbhrandáil déanta againn ar an gcainéal RTÉ News, beocht as an nua curtha againn san RTÉ Player agus RTÉ.ie, síneadh curtha againn le huaireanta RTÉ One+1, sheolamar RTÉ2+1, agus tá an tseirbhís teilitéacs as feidhm RTÉ Aertel dúnta againn, i ndiaidh athrú reachtaíochta. Leanfaimid d'athnuachan a dhéanamh ar a ndéanaimid agus mar a chuirimid ar fáil é sna blianta amach romhainn.

Léirítear i dtaighde le hAontas Craolacháin na hEorpa[3] go neartaíonn eagraíocht meán seirbhíse poiblí láidir an daonlathas agus cothaíonn saoránacht, agus tá RTÉ an-dáiríre faoin ról atá aige i ndáil le cloígh leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe i mbunreacht na hÉireann. Tá níos mó airde sa lá atá inniu ann ar thábhacht an MSP seo, nuair atá brú ceart ag teacht ar an daonlathas laistigh de chodanna den Eoraip agus níos faide i gcéin. Is é RTÉ an fhoinse meán cumarsáide is mó a bhfuil muinín ag daoine as in Éirinn. Is é muinín an phobail bun agus barr eagraíocht meán seirbhíse poiblí agus oibríonn RTÉ gach lá lena chinntiú go gcoinnítear an muinín sin. Leanfaidh RTÉ air ag déanamh a chuid féin i ndáil le lucht féachana na hÉireann a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus ábhar siamsaíochta a chur ar fáil dóibh. Laistigh de sin, cuideoimid lena chinntiú go bhfuil lucht féachana agus éisteacha na hÉireann foghlamtha i ndáil leis na meáin chumarsáide, i dtimpeallacht meán cumarsáide níos leithne atá breac le mífhaisnéis agus bréagaisnéis, agus ina bhfuil rialáil ag teastáil.

3 https://www.ebu.ch/publications/research/login_only/report/democracy-psm

## Beartas poiblí a thacaíonn le hearnáil meán cumarsáide Éireannach inbhuanaithe.

Sna deich mbliana amach romhainn, tiocfaidh athrú mór ar léiriú, dáileadh agus tomhaltas meán cumarsáide de réir mar a bheimid ag aistriú go dtí córais dáilte atá bunaithe ar an idirlíon. Ní mór do RTÉ dul in oiriúint do na dinimicí agus treochtaí lucht féachana sin. Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn RTÉ roimhe go bhfuil Éire ag dul i mbun athchóiriú beartais meán cumarsáide, athchóiriú atá ag teastáil go géar, agus athruithe reachtaíochta agus rialála, lena n-áirítear tabhairt isteach an Achta um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne agus bunú an údaráis rialála nua, Coimisiún na Meán. Seachas sin, ní mór na forálacha san Acht Craolacháin 2009 a leasú ó bhonn chun iad a bheith ag teacht leis an ré dhigiteach, ré ina bhfuil i bhfad níos mó i gceist le MSP i ndáiríre ná craoltóireacht amháin mar aon leis an nasc atá ann leis an lucht féachana agus éisteachta.

Tagann ceisteanna chun cinn ar bheartas poiblí mar gheall ar na fachtóirí seo, torthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus an lucht féachana agus éisteachta ag iompú i dtreo tomhaltas meán cumarsáide ar líne, ceisteanna a mbeidh gá díriú orthu agus gníomhú ina leith ar bhonn náisiúnta. Mar shampla, cén chaoi is fearr an coincheap rochtain ‘saor go haer’ ar MSP go chách a chosaint, a chothú agus a athshamhlú in Éirinn, ó tharla dáileadh agus tomhaltas meán cumarsáide ag brath níos mó agus níos mó ar naisc leathanbhanda shoghluaiste agus dhaingnithe íoctha?

Ag an am céanna, tá na dúshláin atá roimh chraoltóirí meán seirbhíse poiblí, craoltóirí tráchtála, meáin chlóite agus ardáin meán cumarsáide ar líne na hÉireann scrúdaithe ag Coimisiún um Thodhchaí na Meán, a bhunaigh an Rialtas i Meán Fómhair 2020. Dhírigh sainchúram an Choimisiúin ar fhoinsí maoinithe inbhuanaithe, ar athruithe ar iompar lucht féachana, agus ar athruithe ar theicneolaíocht. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh gníomh cinntitheach ón Rialtas mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin d’fhonn bearta beartais phoiblí a chur i bhfeidhm a chothóidh agus a neartóidh earnáil meán cumarsáide baile na hÉireann. Ó thaobh RTÉ de, tá sé ríthábhachtach go dtugtar samhail maoinithe poiblí atá oiriúnach don fheidhm isteach chun an seancheist chéanna i dtaca le tearcmhaoiniú struchtúrach a cheartú. Tá gá leis sin chun a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha againn lenár gcuspóirí seirbhíse poiblí reachtacha a bhaint amach agus chun an aisling atá againn a chomhlíonadh: *A bheith ina chrann seasta do chultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a mhealladh agus a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; trí iléagsúlacht ildánach dhomhain na tíre a cheiliúradh; agus trí chumas mhuintir na hÉireann a chothú*.

## Prionsabail Threoracha RTÉ

Tá tacaíocht láidir faighte ag prionsabail threoracha (agus gníomhaíochtaí) 2022 RTÉ ó phobal na hÉireann trí chomhairliúchán poiblí fairsing. Mar sin tá na prionsabail nuashonraithe seo ag teacht go hiomlán leis an méid atá an pobal ag súil leis ó RTÉ, fad a léiríonn siad dea-chleachtas d’eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí[4], chomh maith le sainchúram na heagraíochta mar a tá leagtha amach sa reachtaíocht.

# Is iad seo a leanas Prionsabail Threoracha RTÉ:

**Neamhspleáchas**
Táimid neamhspleách ar thionchair pholaitíochta, thráchtála, agus tionchair eile

**Leas an Phobail**
gníomhaímid chun leas na sochaí

**Cruthaitheacht**
cothaímid agus tacaímid le huaillmhian chruthaitheach

**Freagracht**
táimid freagrach don phobal agus do pháirtithe leasmhara

**Uilíocht**
táimid ábalta freastal ar chách agus táimid ar fáil do chách

**Iléagsúlacht**
tá mar aidhm againn iléagsúlacht agus cultúr na hÉireann a chur cinn

**Barr Feabhais**
déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach i ngach a ndéanaimid

**Nuálaíocht**
tacaímid le nuálaíocht agus cruthaitheacht in eagraíochtaí meán cumarsáide na hÉireann

4 https://www.ebu.ch/files/live/sites/ebu/files/Publications/EBU-Empowering-Society_EN.pdf agus https://www.ebu.ch/files/live/sites/ebu/files/Publications/EBU-Legal-Focus-Gov-Prin_EN.pdf

**Gníomhaíochtaí RTÉ**

Leanfaimid prionsabail threoracha RTÉ i ngach a ndéanaimid. Leagtar amach sa ráiteas seo an réimse leathan catagóirí faoina dtagann gníomhaíochtaí RTÉ chomh maith leis an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ó na gníomhaíochtaí sin ar an saol in Éirinn. Tá príomhghníomhaíochtaí RTÉ faoi gach ceann de na prionsabail leagtha amach thíos.




# Neamhspleáchas

## Táimid neamhspleách ar thionchair pholaitíochta, thráchtála, agus tionchair eile

- Nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ardchaighdeán a sholáthar atá cruinn, cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil;
- Clúdach agus anailís chuimsitheach a chur ar fáil ar pholaitíocht agus ar ghnóthaí poiblí na hÉireann agus go hidirnáisiúnta;
- Tabhairt faoi thuairisciú imscrúdaithe faoi nithe a bhaineann le leas an phobail chun dream na cumhachta a thabhairt chun cuntais;
- Neamhspleáchas a chur i bhfeidhm i ngach réimse de chlársceidealú, cinnteoireacht eagarthóireachta.

# Leas an Phobail

## Gníomhaímid chun leas na sochaí

- Díospóireacht ar thuairimí agus smaointe a éascú, a chuireann le sochaí dhaonlathach;
- Ag cur le sochaí atá ar an eolas trí chuidiú linn Éire agus an domhan mór araon a thuiscint;
- Cartlanna RTÉ a chaomhnú go digiteach, ar cartlanna iad ina bhfuil taifead d'oidhreacht na hÉireann agus den ghnáthshaol in Éirinn, chun go mbeidh teacht níos fearr ag cách orthu;
- Réimse ábhair oideachais a chur ar fáil a thacaíonn le foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon;
- Maith a dhéanamh ar ár nGealltanas Ábhar a bhaineann le cúrsaí Aeráide a chur ar fáil5, a chuideoidh leis an lucht féachana agus éisteachta tuiscint níos fearr a fháil ar athrú aeráide agus ugach agus eolas a thabhairt dóibh chun roghanna inbhuanaithe a dhéanamh.

5 https://wearealbert.org/2021/11/03/broadcasters-and-streamers-sign-up-to-the-climate-content-pledge/



# Cruthaitheacht

## Cothaímid agus tacaímid le huaillmhian chruthaitheach

- Ár gcuid scéalta a insint le drámaíocht nua d’ardchaighdeán;
- Ardán a chur ar fáil d’aos dána, do cheoltóirí agus do chultúr na hÉireann;
- Cláracha faisnéise a chur ar fáil a chuireann ábhar cainte ar fáil do  mhuintir na tíre;
- Meascán de chláracha agus d’ábhar a chur ar fáil chun siamsaíocht a chur ar fáil dúinn nó gáire a bhaint asainn;
- Meascán de chláracha agus d’ábhar nua do leanaí a chur ar fáil;
- Borradh a chur faoi thionscail chruthaitheacha na hÉireann, ag tacú le léiriú ábhair anseo sa bhaile.





# Freagracht

**Táimid freagrach don phobal agus do pháirtithe leasmhara**

- An deis a thabhairt don phobal aiseolas a thabhairt agus/ nó gearáin a dhéanamh
- Dul de réir an dea-chleachtais i réimsí amhail rialachas, inbhuanaitheacht, agus bainistiú agus tuairisciú airgeadais;
- Teagmháil oscailte agus thrédhearcach a dhéanamh le rialtóirí agus le maoirseacht maoirseachta;
- Straitéis, cuspóirí agus aidhmeanna poiblí na heagraíochta, a bhíonn ag athrú, a chur in iúl;
- A bheith freagrach i ndáil leis an gcaoi a úsáidimid agus a gcosnóimid sonraí chun feabhas a chur ar thaithí an lucht féachana agus éisteachta ar RTÉ.





# Uilíocht

## Táimid ábalta freastal ar chách agus táimid ar fáil do chách

- Taithí chomhroinnte a chruthú trí ábhar agus seirbhísí agus imeachtaí a chuidíonn an pobal a thabhairt le chéile;
- Fotheidil, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Tráchtaireacht Fuaime a chur ar fáil maidir lenár gcláracha go léir;
- Meascán de chláracha agus ábhar a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon;
- Cláracha agus ábhar a chur ar fáil do phobail uile na Gaeilge ar oileán na hÉireann;
- A bheith inár bpointe ceangail idir Éire agus Diaspóra na hÉireann.

# Iléagsúlacht

## Tá mar aidhm againn iléagsúlacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn

- Cláracha agus ábhar a chur ar fáil a chlúdaíonn raon leathan spéise – gnáthábhar spéise nó ábhar spéise mionlaigh;
- Clúdach ar imeachtaí lena mbaineann leas náisiúnta a chur ar fáil ar fud réimsí cultúir, polaitíochta, spóirt agus réimsí eile;
- Ábhar a chruthú a léiríonn an iléagsúlacht atá ann ar fud na hÉireann;
- Léargas a thabhairt ar an iléagsúlacht a bhaineann le beatha reiligiúnach in Éirinn;
- Clúdach beo a chur ar fáil ar ghnáthspórt nó spóirt mionlaigh.



Gníomhaíochtaí RTÉ

# Barr Feabhais

## Déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach i ngach a ndéanaimid

- Ábhar agus cláracha d'ardchaighdeán atá ábhartha agus bunaidh a chruthú agus a choimisiúnú;
- A bheith cinnte go gcloíonn lucht déanta clár RTÉ leis na caighdeáin eagarthóireachta is airde ar fud ábhar RTÉ ar fad;
- Na seirbhísí fuaime, físeán agus ar éileamh den chaighdeán is airde a chur ar fáil le go mbainfidh lucht féachana agus éisteachta RTÉ sult astu;
- Na daoine is cumasacha a mhealladh agus a fhorbairt chun ábhar a chruthú do lucht féachana na hÉireann.





# Nuálaíocht

**Tacaímid le nuálaíocht agus éascaímid í in eagraíochtaí meán cumarsáide na hÉireann**

- Oibriú i gcomhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách agus le comhpháirtithe seachtracha eile;
- Leanúint d’oiriúnú agus d’fhorbairt a dhéanamh ar mar a dháilimid ábhar RTÉ ionas go mbeidh sé fós éasca ag daoine teacht  agus fáil a bheith acu ar an ábhar sin;
- Nuálaíocht, triail agus bunúlacht a spreagadh i gcláracha;
- Éagsúlú agus nuálaíocht a dhéanamh ar mar a ghinimid ioncam tráchtála chun seirbhísí poiblí RTÉ a mhaoiniú;
- Bealaí nua a aimsiú chun teagmháil a dhéanamh lenár lucht féachana agus éisteachta, bealaí trína gcuirfear ar a gcumas níos mó den ábhar a thaitníonn leo chomh maith leis an méid atá á thairiscint ag RTÉ a aimsiú.

RTÉ

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
in linkedin.com/company/rte